Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2023 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2022, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €7.811 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Mar chuid den aistriú chuig tuairisciú fabhraithe níos leithne bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, sainaithníodh sócmhainní doláimhsithe lena léirítear éadáil agus forbairt bogearraí ar leithligh den chéad uair. Dá réir sin, rinneadh sócmhainní caipitil a dheighilt ina dhá chomhpháirt de réir an ráitis maidir le staid airgeadais agus sna nótaí gaolmhara: sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2) agus maoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1). Athluadh figiúirí comparáideacha chun é sin a léiriú.

Tá glanluach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha tréimhsiúla, le breiseanna agus feabhsúcháin ar an talamh agus foirgnimh ina dhiaidh sin ar ghlanchostas. Is é an modh athluachála a úsáideadh an luach margaidh atá ann faoi láthair bunaithe ar choinníollacha margaidh áitiúil.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críche an chuntais seo.
Ní dhéantar talamh agus foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta rátaí malairte atá tugtha chun críche ag an gceanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an idirbheart. Rinneadh gach airgeadra iasachta atá coinnithe i gcuntais bhainc mhisin taidhleoireachta na Roinne a athluacháil trí úsáid a bhaint as rátaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh amhail an 31 Nollaig 2023.

***Speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí, fardail agus ceangaltais ag misin taidhleoireachta***

Ní áirítear sna speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí, fardail agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad sin a bhaineann le réadmhaoin ar cíos.

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe*

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm. Áirítear na nithe seo a leanas agus go háirithe go bhfuil

- dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta ann.
- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a leagann amach feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

### *Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta*

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oilte go gairmiúil chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís ar na rioscaí sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun go leantar suas moltaí a chur i gcrích ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### *Soláthar*

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar 47 conradh neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte ábhartha, seachas i gcás aon chonradh déag (sa bhreis ar €25,000 gan CBL san áireamh), de luach €892,636 ar an iomlán.

- Cuireadh síneadh le hocht gconradh (€739,677), a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas tairisceana iomaíoch, thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch. Cuireadh seacht gcinn de na conarthaí sin (€680,228) ar thairiscint agus dámhadh conarthaí comhlíontacha nua, agus níl athnuachan déanta ag an Roinn ar an gconradh eile.
- Bronnadh trí chonradh (€152,959) gan próiseas tairisceana iomaíoch agus lorgófar tairiscint ina leith le linn na bliana 2024. Cuireadh péire de na conarthaí sin (€85,394) ar thairiscint agus dámhadh conarthaí comhlíontacha nua, agus tá an Roinn ag cur an conradh eile (€67,565) ar thairiscint i láthair na huaire.

***Comhlíontacht cánach misean***

Is é polasaí na Roinne cloí le hoibleagáidí cánach agus árachais shóisialta áitiúil ina mbíonn misin lonnaithe. Déanann na Rannáin Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíontacht le cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misean i bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne. Áiríonn an Roinn treoir ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistithe riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go pras do na daoine sin atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mbainistíocht agus an Bord Bainistíochta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2023 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Joe Hackett**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

22 Iúil 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Díscríobh na gCostas Forbartha Córais***

Nochtar i Nóta 6.4 gur dhíscríobh an Roinn caiteachas in 2023 a raibh luach €218,000 i gceist leis, a taibhíodh maidir le forbairt an chórais próiseála pasanna nua. Tharla an díscríobh tar éis gur cuireadh deireadh le comhaontú conartha soláthróra toisc nár comhlíonadh gealltanais seachadta an chonartha.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

**Seamus Mac Cárthaigh**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
25 Iúil 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann. Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus chun athmhuintearas agus comhoibriú a chur chun cinn ('Ár ndaoine') | | | | |
| | *Bunaidh* | 112,785 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,442 | | | |
| | | | 120,227 | 114,580 | 122,773 |
| B | Leas agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn inár nEoraip chomhroinnte ('Ár nEoraip') | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,363 | | | |
| | *Forlíontach* | 518 | | | |
| | | | 44,881 | 42,624 | 40,039 |
| C | Oibriú i dtreo domhan atá níos cothroime agus níos inmharthana ("Ár luachanna") | | | | |
| | *Bunaidh* | 64,599 | | | |
| | *Forlíontach* | 36,420 | | | |
| | | | 101,019 | 98,964 | 128,773 |
| D | Rathúnas na hÉireann a chur chun cinn trínár dtionchar a leathnú agus ár leasanna a chur chun cinn go hidirnáisiúnta ('Ár rathúnas') | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,812 | | | |
| | *Forlíontach* | 589 | | | |
| | | | 48,401 | 48,195 | 43,719 |
| E | An éifeachtacht agus cumas atá ag an tír a cuid spriocanna a sheachadadh a neartú ("Ár n-éifeachtacht") | | | | |
| | *Bunaidh* | 71,069 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,250 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,031 | | | |
| | | | 81,350 | 86,410 | 60,875 |

**Ollchaiteachas**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Bunaidh* | 340,628 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 2,250 | | | |
| *Forlíontach* | 53,000 | | | |
| | | **395,878** | **390,773** | **396,179** |

*Lúide*

F **Leithreasaí i gCabhair**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Bunaidh* | 65,000 | | | |
| *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | 72,000 | 74,706 | 78,872 |

**Glanchaiteachas**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Bunaidh* | 275,628 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 2,250 | | | |
| *Forlíontach* | 46,000 | | | |
| | | **323,878** | **316,067** | **317,307** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 7,811,297 | 18,087,679 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (2,250,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **7,811,297** | **15,837,679** |

**Joe Hackett**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

22 Iúil 2024

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 138,966 | 159,662 |
| Pá | | 129,345 | 119,346 |
| Neamhphá | | 122,462 | 117,171 |
| **Ollchaiteachas** | | **390,773** | **396,179** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **74,706** | **78,872** |
| **Glanchaiteachas** | | **316,067** | **317,307** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (21,950) | | |
| Dímheas | 1,814 | | |
| Diúscairtí | 45 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (39) | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (645) | | |
| Amúchadh | — | | |
| | | (20,775) | (6,779) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhraithe | (371) | | |
| (Méadú)/laghdú ar fhardail | (916) | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | (3,576) | | |
| | | (4,863) | 1,695 |
| **Caiteachas díreach** | | **290,429** | **312,223** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 31,580 | 28,775 |
| Measchíosanna | | 3,311 | 3,311 |
| **Glanchostas an chláir** | | **325,320** | **344,309** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a d'eascair in áit éigin eile, glan ar chostais sheirbhísí comhroinnte a leithdháileadh ar Vótaí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 80 | 82 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 24,574 | 22,130 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,110 | 5,660 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 220 | 197 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 81 | 235 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 272 | 148 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 417 | 433 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile | | (174) | (110) |
| | | **31,580** | **28,775** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 219,012 | 200,285 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 645 | — |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **219,657** | **200,285** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 2.4 | 8,421 | 7,505 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 13,181 | 9,605 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 8,604 | 9,503 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 334 | (1,249) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **30,540** | **25,364** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 4,537 | 4,220 |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 2,050 | 2,421 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 4,401 | 4,034 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **10,988** | **10,675** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 19,552 | 14,689 |
| **Glansócmhainní** | | **239,209** | **214,974** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **239,209** | **214,974** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh[a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Tro |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 187,278 | 3,034 | 33,077 | |
| Suimeanna Breise | 11,772 | 488 | 395 | |
| Diúscairtí | — | (173) | (120) | |
| Aistrithe | 1,337 | — | — | |
| Coigeartú [c] | (1,185) | — | — | |
| Ag 31 Nollaig 2023 | **199,202** | **3,349** | **33,352** | |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | — | 2,242 | 30,538 | |
| Dímheas don bhliain | — | 401 | 1,379 | |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (167) | (120) | |
| Ag 31 Nollaig 2023 | — | **2,476** | **31,797** | |
| | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | **199,202** | **873** | **1,555** | |
| Ag 31 Nollaig 2022 | 187,278 | 792 | 2,539 | |

## Fo-nótaí go 2.1

Nótaí

[a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] Léiríonn na sócmhainní arna bhforbairt an forbairt atá á déanamh ar Theach na hÉireann i dTóiceo agus ar ambasáid nua in Abuja, atá idir lámha faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche amhail an 31 Nollaig 2023. Aistrithe €1.337 milliún ó shócmhainní arna bhforbairt go talamh agus foirgnimh a bhaineann le háitribh a ceannaíodh.

[c] Coigeartú ar luacháil réadmhaoine.

[d] I measc na sócmhainní caipitil arna bhforbairt tá costais thabhaigh i leith tionscadal tógála in Abuja. Ó 2023, déantar gach mórthionscadal tógála i Vóta 27 a bhainistiú agus a mhaoiniú le Vóta 28. D'íoc Vóta 28 costais dar luach €3,936,000 san iomlán in 2023 i ndáil leis an tionscadal tógála seo. Tar éis an tionscadal a chríochnú, aistreofar an foirgneamh chuig Vóta 27 ar an gcostas a tabhaíodh i Vóta 28.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 31,516 | 218 | 31,734 |
| Suimeanna Breise | — | 645 | 645 |
| Díscríobh | — | (218) | (218) |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 31,516 | 645 | 32,161 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | — | — | — |
| Athrangúchán (Nóta 2.1) | 31,516 | — | 31,516 |
| Amúchadh don bhliain | — | — | — |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 31,516 | — | 31,516 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2023** | **—** | **645** | **645** |
| Ag 31 Nollaig 2022 | — | 218 | 218 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (31,701) | (23,794) |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 5,833 | 2,595 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin | 21,331 | 16,979 |
| | **(4,537)** | **(4,220)** |

## 2.4 Fardail

| ag 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Leabhair phas agus cártaí pas | 8,381 | 7,466 |
| Stoic phrótacail | 40 | 39 |
| | **8,421** | **7,505** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cíosanna misin | 1,283 | 2,090 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 7,237 | 2,205 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 4,661 | 5,310 |
| | **13,181** | **9,605** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 4,599 | 7,728 |
| Cuntais óinchiste agus fionraí pearsanta | 1,514 | 1,345 |
| Cuntais airleacan tuarastail | 1 | 3 |
| Athdhiúchiú | 121 | 124 |
| Cuntais rialaithe párolla | 602 | 356 |
| Féichiúnaithe consalachta oinigh | 70 | (60) |
| Iarmhéideanna eile | 1,697 | 7 |
| | **8,604** | **9,503** |

## 2.7 Ioncam fabhraithe

| ag 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe riaracháin | 1,571 | 1,496 |
| Fabhruithe clár | 316 | 819 |
| Fabhruithe taistil agus cothabhála | 163 | 106 |
| | **2,050** | **2,421** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,522 | 1,409 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,219 | 1,098 |
| An muirear sóisialta uilíoch | 332 | 301 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 8 | 8 |
| Cáin bhreisluacha | 54 | 30 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 153 | 222 |
| | 3,288 | 3,068 |
| Ilchreidiúnaithe | 1,113 | 966 |
| | **4,401** | **4,034** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 7,811 | 15,838 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 2,250 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,145) | (16,839) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(334)** | **1,249** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 8,604 | 9,503 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (4,537) | (4,220) |
| Dlite don Stát | (3,288) | (3,068) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (1,113) | (966) |
| | (8,938) | (8,254) |
| | **(334)** | **1,249** |

## 2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 214,974 | 209,890 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 323,878 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (7,811) | | |
| Glanvóta | | | 316,067 | 317,307 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 31,580 | 28,775 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,311 | 3,311 |
| Míreanna neamh-airgid - coigeartú ar mhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | | (1,185) | — |
| Míreanna neamh-airgid – sócmhainní doláimhsithe díscríobhanna | 2.2 | | (218) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (325,320) | (344,309) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **239,209** | **214,974** |

## 2.11 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí in 2024 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí forfheidhmiúcháin ceangailteacha.

| ag 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tiomantais léasa [a] | 119,807 | 83,590 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 6,500 | 14,376 |
| **Ceangaltais iomlána** | **126,307** | **97,966** |

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh i leith réamhíocaíochtaí. B’ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.283 milliún (2022: €2.09 milliún) agus déantar sin a áireamh san fhigiúr réamhíocaíochtaí €13.181 milliún (nóta 2.5). Léirítear sna ceangaltais léasa amhail an 31 Nollaig 2023 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 132,270 | 129,345 | 119,346 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,501 | | | |
| | | | | 8,801 | 8,684 | 7,606 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 6,200 | 8,089 | 6,809 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 6,950 | 5,801 | 7,468 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | 22,650 | 24,178 | 35,519 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 51,200 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 2,250 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,400 | | | |
| | | | | 62,850 | 59,572 | 44,228 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 100 | 58 | 62 |
| viii | Tacaíochtaí i ndáil le postú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,002 | | | |
| | | *Forlíontach* | 999 | | | |
| | | | | 16,001 | 16,080 | 15,479 |
| | | | | **255,822** | **251,807** | **236,517** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000) i gcomparáid leis an soláthar bunaidh.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €6.2 milliún; toradh €8.089 milliún*

Ba mar thoradh ar chaillteanais malairte eachtrach neamhréadaithe ar athluacháil iarmhéideanna bainc atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ag deireadh na bliana i gcomhréir leis an mbeartas cuntasaíochta a d'eascair an méadú ar chaiteachas ar an bhfo-cheannteideal seo. Ina theannta sin, bhí costais ateangaireachta i ndáil le saothair an Aontais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Ár nDaoine

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 35,038 | 34,263 | | 31,615 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,874 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,242 | | | | |
| | | | 42,116 | 37,743 | | 56,458 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | | 404 | 404 | | 404 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | | 79 | 85 | | 76 |
| A.5 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,895 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,200 | | | | |
| | | | 17,095 | 18,117 | | 13,959 |
| A.6 | Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | | 5,545 | 4,959 | | 5,031 |
| A.7 | Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,650 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | | |
| | | | 6,650 | 6,650 | | 4,650 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | | 1,100 | 534 | | 725 |
| A.9 | Teagmhasacht Covid | | 10,000 | 9,625 | | 9,855 |
| A.10 | Coigeartú ar chúlchiste an Bhreatimeachta | | 2,200 | 2,200 | | — |
| | | | **120,227** | **114,580** | | **122,773** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin chláir (+/-5% agus €100,000).

**A.5 Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach**

*Soláthar bunaidh €13.895 milliún; toradh €18.117 milliún*

Cuireadh meastachán forlíontach ar fáil chun freastal ar an éileamh mór ar mhaoiniú ó phobail dhiaspóra na hÉireann ar fud an domhain, chun tacú le soláthraithe seirbhíse túslíne, chomh maith le tionscadail phobail, chultúir agus oidhreachta.

**A.6 Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach**

*Soláthar meastacháin €5.545 milliún; toradh €4.949 milliún*

Tháinig an gannchaitheamh seo chun cinn mar gheall ar an ngá a bhí le nósanna imeachta comhlíontachta a bhí gan íoc ag deireadh na bliana a chur i gcrích.

**A.7 Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn**

*Soláthar meastacháin €4.650 milliún; toradh €6.650 milliún*

Cuireadh meastachán forlíontach ar fáil chun gealltanais an Rialtais maidir leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI) a chomhlíonadh, go háirithe gealltanas €20 milliún a chur ar fáil chun tacú le Straitéis um Nascadh Pobal an IFI thar théarma na straitéise sin.

**A.8 Gnóthaí diaspóra**

*Soláthar meastacháin €1.100 milliún; toradh €534,000*

Is scéim deontais é seo atá bunaithe ar éileamh agus mar thoradh air sin, tá sé deacair meastachán a dhéanamh ar líon na n-iarratas in aon bhliain amháin.

## Clár B Ár nÁit san Eoraip

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | 30,340 | 29,672 | 27,376 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,890 | | | |
| | | *Forlíontach* | 518 | | | |
| | | | | 8,408 | 7,670 | 7,489 |
| B.3 | Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | | | 418 | 333 | 299 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | | | 2,215 | 2,068 | 1,647 |
| B.5 | Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus Idirnáisiúnta | | | 3,500 | 2,881 | 3,228 |
| | | | | **44,881** | **42,624** | **40,039** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin chláir (+/-5% agus €100,000).

**B.4 Rannpháirtíocht AE**

*Soláthar meastacháin €2.215 milliún; toradh €2.068 milliún*

Thit an fo-cheannteideal seo beagán faoi bhun an tsoláthair mheasta €147,000 mar gheall ar mhoilleanna ar iarratais ar dheontais a chur isteach agus mar gheall gur cuireadh siar aonach post do chéimithe AE a bhí beartaithe.

**B.5 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €2.881 milliún*

Tháinig an ganncaitheamh sin chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar iarratais ar chúiteamh a fháil ó ranna eile. Tá nósanna imeachta íocaíochta nua á dtabhairt isteach ar cheart dóibh moilleanna amach anseo a mhaolú.

## Clár C Ár Luachanna

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | | 16,457 | 16,091 | | 14,849 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,939 | | | | |
| | *Forlíontach* | 520 | | | | |
| | | | 8,459 | 7,715 | | 7,415 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 40,203 | | | | |
| | *Forlíontach* | 35,900 | | | | |
| | | | 76,103 | 75,158 | | 106,509 |
| | | | **101,019** | **98,964** | | **128,773** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin chláir (+/-5% agus €100,000).

C.3 **Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €40.203 milliún; toradh €75.158 milliún*

Fuarthas meastachán forlíontach €35.9 milliún i ndáil le ranníocaíochtaí na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Rinneadh sin chun €24.8 milliún a mhaoiniú i leith ranníocaíochtaí na hÉireann leis an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF), lenar áiríodh ranníocaíochtaí i dtreo tacaíocht neamh-mharfach a sholáthar don Úcráin, agus €11.1 milliún i leith ranníocaíochtaí (éigeantacha) measúnaithe na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe.

## Clár D Ár Rathúnas

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán – pá | | | 26,491 | 25,908 | 23,903 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,976 | | | |
| | | *Forlíontach* | 589 | | | |
| | | | | 9,565 | 8,730 | 8,364 |
| D.3 | Éire a Chur Chun Cinn | | | 9,116 | 9,448 | 7,941 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | | | 3,229 | 4,109 | 3,511 |
| | | | | **48,401** | **48,195** | **43,719** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin chláir (+/-5% agus €100,000).

**D.4 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €3.229 milliún; toradh €4.109 milliún*

Tá sé deacair méid ranníocaíochtaí idirnáisiúnta na hÉireann don bhliain ina dhiaidh sin a mheas tráth an phróisis bhuiséadaigh. Tháinig ranníocaíochtaí breise chun cinn mar gheall ar ranníocaíochtaí measúnaithe le ECFE a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár E Ár dTionchar

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán - pá | | | 23,944 | 23,411 | 21,603 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,723 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 2,250 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,031 | | | |
| | | | | 55,004 | 60,604 | 37,445 |
| E.3 | Seirbhísí eolais | | | 2,402 | 2,395 | 1,827 |
| | | | | **81,350** | **86,410** | **60,875** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | | | | |
| | *Measta* | 61,570 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | 68,570 | 69,979 | 74,774 |
| 2 | Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | | 30 | — | — |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | | 500 | 1,094 | 1,081 |
| 4 | Earraí Ilghnéitheacha | | 500 | 817 | 422 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 2,400 | 2,816 | 2,595 |
| | **Iomlán** | | **72,000** | **74,706** | **78,872** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €9.71 milliún níos mó ná an meastachán.

**1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile**

*Meastachán €61.57 milliún; réadaithe €69.979 milliún*

Bhí an t-ioncam €8.4 milliún chun cinn i gcomparáid leis an meastachán bunaidh de bharr go raibh méadú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna. De bharr gur seirbhís de réir éilimh í Seirbhís na bPasanna, is deacair a thuar go cinnte an leibhéal iarratas nó an meascán iarratas a gheofar i mbliain ar bith.

**3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta**

*Meastachán €500,000; réadaithe €1.094 milliún*

Ba mar thoradh ar an CBL a rabhthas ag súil leis agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais iasachta chuig misin thar lear a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a raibh ioncam chun cinn €594,000.

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €500,000; réadaithe €817,000*

Bhí méadú €317,000 ann toisc go raibh níos mó sna fáltais ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar costais phárolla níos airde a d’eascair as comhaontuithe náisiúnta pá.

**5 Earraí Ilghnéitheacha**

*Meastachán €2.4 milliún; réadaithe €2.816 milliún*

Tháinig an méadú €416,000 chun cinn toisc gur thug deontaithe deontais nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin ar ais le linn 2023, deontais a taisceadh le leithreasaí i gcabhair.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéis lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 2,426 | 2,253 |

## 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 109,613 | 102,076 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 380 | 535 |
| Liúntais eile | 13,266 | 11,519 |
| Ragobair | 1,839 | 1,660 |
| ÁSPC Fostóra | 8,484 | 7,648 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 3,923 | 4,089 |
| **Pá iomlán [b]** | **137,505** | **127,527** |

Nóta [a] Áirítear sa phá iomlán, pá riarachán (A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1) agus gnéithe pá fhotheideal A.9 - Teagmhasacht Covid. Baineann an méid atá san áireamh do phá i Nóta 1 agus Nóta 3 le fotheidil riaracháin amháin.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 108 | 12 | 36,206 | 54,939 |
| Liúntais eile | 649 | 408 | 94,821 | 89,842 |
| Ragobair | 506 | 49 | 46,618 | 44,833 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 138 | 62 | 49,529 | 63,584 |

## 5.4 Foireann na roinne de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 1,137 | 1,093 |
| 60,000 | 69,999 | 115 | 100 |
| 70,000 | 79,999 | 100 | 95 |
| 80,000 | 89,999 | 74 | 64 |
| 90,000 | 99,999 | 54 | 57 |
| 100,000 | 109,999 | 48 | 56 |
| 110,000 | 119,999 | 59 | 36 |
| 120,000 | 129,999 | 30 | 36 |
| 130,000 | 139,999 | 30 | 24 |
| 140,000 | 149,999 | 30 | 15 |
| 150,000 | 159,999 | 11 | 16 |
| 160,000 | 169,999 | 14 | 12 |
| 170,000 | 179,999 | 8 | 5 |
| 180,000 | 189,999 | 2 | 3 |
| 190,000 | 199,999 | 5 | 9 |
| 200,000 | 209,999 | 3 | 2 |
| 210,000 | 219,999 | 4 | 4 |
| 220,000 | 229,999 | 3 | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |
| 240,000 | 249,999 | 1 | 1 |
| 250,000 | 259,999 | 1 | 1 |
| 260,000 | 269,999 | 1 | 1 |
| 270,000 | 279,999 | 2 | — |
| 280,000 | 289,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh cúigear státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €19,330 idir €375 agus €10,000.

Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Fostaíodh cúigear duine nár státseirbhísigh iad ar bhonn táille ar chostas iomlán €12,500, is é sin €2,500 an duine.

Áirítear sa chuntas caiteachas €694,320 i ndáil le seisear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2023 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc gcuid tuarastal leo.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 70 | 191,477 | 123,127 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 25 | 45,729 | 45,932 |

Dúnadh cásanna ró-íocaíochta a thionscain an Roinn i leith 13 dhuine aonair, dar luach €12,205, i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí eile in 2023.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Bunphá | 227 | 213 |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim pinsean roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a chuid teidlíochtaí i dtaobh sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin. Níor íocadh sochar comhchineáil ná liúntais in 2023.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

### 6.1 Íocaíochtaí/costais a tabhaíodh le linn na bliana

| | Éilimh arna ndéanamh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Baill den phobal | 2023 | 2022 |
| **Líon na gcásanna** | **4** | **13** | **17** | **12** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí féin na Roinne | 14 | 109 | 123 | 29 |
| Íocaíochtaí a rinne/thar ceann na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 93 | 471 | 564 | 106 |
| Costais dlí | — | 278 | 278 | — |
| Costais eile | 2 | 1 | 3 | 4 |
| **Iomlán 2023** | **109** | **859** | **968** | **139** |
| Iomlán 2022 | 28 | 111 | 139 | |

Nóta Ag 31 Nollaig 2023, bhí 13 cás gan íoc.

## 6.2 Pionóis i ndáil le híocaíocht mhall

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús agus cúiteamh | 13,683 | 13,352 |

## 6.3 Ráiteas Sheirbhís na bPasanna faoin gcostas oibriúcháin [a]

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas díreach** | | | |
| Costais phárolla: | | | |
| Foireann bhuan | 22,205 | | |
| Foireann shealadach | 8,664 | 30,869 | 28,727 |
| Leabhair phas agus cártaí pas | | 547 | 16,264 |
| Costais oibriúcháin [b] | | 12,828 | 9,434 |
| Postas agus teileachumarsáid | | 2,699 | 4,127 |
| Costais áitribh agus fóntais | | 1,103 | 697 |
| Taisteal agus cothabháil | | 71 | 44 |
| **Iomlán [c]** | | **48,117** | **59,293** |

Nóta

[a] Clúdaítear sa ráiteas seo costais dhíreacha (e.g. postas, costais fóntais foirgnimh, costais oibriúcháin etc.) a tabhaíodh in oifigí na bpasanna. Ní áirítear aon leithdháileadh costas indíreach a tabhaíodh sna seirbhísí lárnacha e.g. TFC, AD, Airgeadas, Seirbhísí Corparáide, etc.

[b] Athluadh figiúirí comparáideacha 2022.

[c] Áirítear sna costais iomlána costais a bhaineann le fotheideal A.9 - teagmhasacht Covid, €9.625 milliún sa bhliain 2023. Cruthaíodh an fo-cheannteideal seo chun cabhrú leis an Roinn próiseáil a dhéanamh ar an méadú suntasach ar iarratais ar phasanna atá á bhfáil tar éis Covid-19.

## 6.4 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Córas Comhtháite agus Próiseála Pasanna [a] | **218,230** | **—** |

Nóta [a] Rinneadh cinneadh in 2023 gur cheart an conradh le soláthraithe nua Chóras Comhtháite agus Próiseála na bPasanna a thabhairt i gcrích toisc nár comhlíonadh téarmaí an chonartha.